Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/2XzH5DL

# Rás na leachtanna

# Rás na leachtanna

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Slaodacht leachtanna difriúla a fhiosrú





# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Tuigim gur tomhas í an tslaodacht ar fhriotaíocht leachta in aghaidh sreabhadh.
- Tuigim gur airí áisiúil leachta í an tslaodacht.
- Tuigim gur féidir leachtanna a chur in ord slaodachta.

## Scileanna taighde

- Tuigim céard is tástáil chothrom ann.
- Tuigim céard is ‘athróga’ i dtástáil chothrom ann.
- Táim in ann breathnuithe a thaifeadadh agus míniú a thabhairt ar an méid a aimsíodh.



# Foclóir áisiúil

- **Slaodacht:** tomhas ar fhriotaíocht leachta in aghaidh sreabhadh.
- **Friotaíocht:** ‘ag troid in aghaidh’ sreabhadh.
- **Frithchuimilt:** fórsa a ghníomhaíonn chun gluaiseacht a mhoilliú (cur ina coinne).

Mar shampla:

tá slaodacht **íseal** ag **uisce** mar go bhfuil sé ‘tanaí’



tá slaodacht **ard** ag **mil** mar go bhfuil sí ‘tiubh’





# Ag smaoineamh ar leachtanna

- Céard atá ar eolas agaibh faoi leachtanna agus a gcuid airíonna?
- Cén chaoi a bhfuil siad difriúil le solad nó gás?
- Cén chaoi a ngníomhaíonn leachtanna?





# Rás na leachtanna!

- Beidh leachtanna difriúla agaibh a chaithfidh sibh a chur i rás chun a fháil amach cé acu is tapa ag sreabhadh agus cé acu is moille.
- Ná déanaigí dearmad, tá sibh ag iarraidh an tástáil a dhéanamh chomh cothrom agus is féidir, mar sin smaoinígí ar a bhfágfaidh sibh mar an gcéanna agus céard a athróidh sibh.

## Smaoinígí air seo a leanas...

- Cén chaoi a dtosóidh sibh an rás?
- Cé mhéad uair a dhéanfaidh sibh an tástáil?
- Cén chaoi a dtaifeadfaidh sibh bhur dtorthaí?
- Céard a athróidh sibh agus céard a fhágfaidh sibh mar an gcéanna?
- An féidir libh na leachtanna a chur in ord slaodachta?



# Modh

Ag obair sa ghrúpa:

1. Roghnaígí na leachtanna a bheidh sa rás.
2. Iompaígí na cupáin ag an am céanna agus breathnaígí go grinn orthu go dtí go bhfuil an leacht ar fad tar éis sreabhadh ó ghabhdán amháin go dtí an ceann eile.
3. Taifeadaigí cén leacht ba thapa agus cén leacht ba mhoille.





# Céard a d'fhoghlaim sibh?

- Trí iniúchadh amhairc ar a sreabhadh, an féidir libh bhur leachtanna a chur in ord slaodachta?
- Cé acu leachtanna a shreabh níos tapa/níos moille?
- An féidir libh míniú a thabhairt air sin?
- An bhfuair na grúpaí ar fad na torthaí céanna? Cén fáth ar tharla sé sin, dar libh?



# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim gur tomhas í an tslaodacht ar fhriotaíocht leachta in aghaidh sreabhadh.
- Tuigim gur airí áisiúil leachta í an tslaodacht.
- Tuigim gur féidir leachtanna a chur in ord slaodachta.
- Tuigim céard is tástáil chothrom ann.
- Tuigim céard is ‘athróga’ i dtástáil chothrom ann.
- Táim in ann breathnuithe a thaifeadadh agus míniú a thabhairt ar an méid a aimsíodh.

Má tá sibh muiníneach faoin méid sin, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnán 2: íomhá © IU Liquid/Shutterstock
Sleamhnán 4: íomhá 1 © Matis75/Shutterstock; íomhá 2 © Thasneem/Shutterstock
Sleamhnán 5: íomhá © akkara KS/Shutterstock
Sleamhnán 7: íomhá © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 9: íomhá © Prostock-studiol/Shutterstock